Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2113(INI)

26.10.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

Tuarascáil ar thuarascáil 2023 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta (2023/2113(INI))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Sophia in 't Veld

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe i gcomhréir le Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Adrián Vázquez Lázara, An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

Tuarascáil ar thuarascáil 2023 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta (2023/2113(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagail 2, 3(1), 3(3), an dara fomhír, 4(3) agus Airteagail 5, 6, 7, 11, 19 agus 49 de,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe do na hairteagail de a bhaineann le hurraim don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta bunúsacha san Aontas, agus lena gcosaint agus lena gcur chun cinn, lena n-áirítear Airteagail 70, 258, 259, 260, 263, 265 agus 267,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Iúil 2023 maidir le Tuarascáil 2023 maidir leis an Smacht Reachta – staid an smachta reachta san Aontas Eorpach (COM(2023)0800),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint[1] (an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014[2],

– ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine,

– ag féachaint d'ionstraimí na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint, agus do na moltaí agus na tuarascálacha ó Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe, chomh maith le cásdlí chomhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe agus nósanna imeachta speisialta na Comhairle um Chearta an Duine,

– ag féachaint do na moltaí agus do na tuarascálacha ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, ón Ard-Choimisinéir um Mionlaigh Náisiúnta, ón Ionadaí um Shaoirse na Meán agus ó chomhlachtaí eile de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE),

[1] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1.
[2] IO L 156, 5.5.2021, lch. 1.

– ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, do Cairt Shóisialta na hEorpa, do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, don Coiste Eorpach ar Chearta Sóisialta, agus do na coinbhinsiúin, na moltaí, na rúin, na tuairimí agus na tuarascálacha ón gComhthionól Parlaiminteach, ó Choiste na nAirí, ón gCoimisinéir um Chearta an Duine, ón gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe, ón nGrúpa Stiúrtha ar Fhrith-Idirdhealú, Éagsúlacht agus Cuimsiú, ó Choimisiún na Veinéise agus ó chomhlachtaí eile i gComhairle na hEorpa,

– ag féachaint do Mheabhrán Tuisceana an 23 Bealtaine 2007 idir Comhairle na hEorpa agus an tAontas Eorpach agus do chonclúidí ón gComhairle an 8 Iúil 2020 maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa 2020-2022,

– ag féachaint don togra réasúnaithe ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le riosca soiléir a chinneadh go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta (COM(2017)0835), arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7(1) CAE,

– ag féachaint do thuarascálacha ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) an 19 Iúil 2022 dar teideal ‘Sochaí shibhialta na hEorpa: fós faoi bhrú’, an 8 Meitheamh 2022 dar teideal ‘Fundamental Rights Report 2022’ [Tuarascáil maidir le Cearta Bunúsacha 2022’, an 19 Lúnasa 2022 dar teideal Protecting civic space in the EU [Spás na sochaí sibhialta san Aontas Eorpach a chosaint] agus an 3 Samhain 2022 dar teideal ‘Frithsheimíteachas – Forléargas ar eachtraí frithsheimíteacha a taifeadadh san Aontas Eorpach 2010-2020’, agus a thuarascálacha, sonraí agus uirlisí eile, go háirithe Córas Faisnéise an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (EFRIS),

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Deireadh Fómhair 2016 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le sásra AE um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 1 Márta 2018 maidir le cinneadh an Choimisiúin Airteagal 7(1) CAE a ghníomhachtú a mhéid a bhaineann leis an staid sa Pholainn[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Aibreán 2018 maidir leis an ngá atá le hIonstraim na Luachanna Eorpacha a bhunú chun tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann luachanna bunúsacha chun cinn laistigh den Aontas Eorpach ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 12 Meán Fómhair 2018 maidir le togra lena n-iarrtar ar an gComhairle a chinneadh, de bhun Airteagal 7(1) CAE, gur ann do bhaol soiléir go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag an Ungáir ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe[6],

[3] IO C 215, 19.6.2018, lch. 162.
[4] IO C 129, 5.4.2019, lch 13.
[5] IO C 390, 18.11.2019, lch 117.
[6] IO C 433, 23.12.2019, lch 66.

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Samhain 2018 maidir leis an ngá atá le sásra cuimsitheach AE chun an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a chosaint[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Sásra AE um an Daonlathas, an Smacht Reachta agus Cearta Bunúsacha a bhunú[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Samhain 2020 maidir le tionchar bhearta COVID-19 ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Meitheamh 2021 maidir le staid an smachta reachta san Aontas Eorpach agus cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht (AE, Euratom) 2020/2092[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Meitheamh 2021 maidir le Tuarascáil 2020 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Iúil 2021 maidir le treoirlínte a chruthú chun an córas ginearálta coinníollachta a chur i bhfeidhm chun buiséad an Aontais a chosaint[12],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Samhain 2021 maidir leis an daonlathas agus saoirse agus iolrachas na meán a neartú in AE: an úsáid mhíchuí a bhaintear as gníomhaíochtaí faoin dlí sibhialta agus faoin dlí coiriúil chun iriseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta a chur ina dtost[13],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2021 maidir le meastóireacht a dhéanamh ar bhearta coisctheacha chun éilliú, caiteachas neamhrialta agus mí-úsáid cistí AE agus náisiúnta a sheachaint i gcás cistí éigeandála agus réimsí caiteachais a bhaineann le géarchéimeanna[14],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Márta 2022 maidir leis an laghdú atá ag teacht ar an spás don tsochaí shibhialta san Eoraip[15],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Márta 2022 maidir leis an smacht reachta agus iarmhairtí an rialaithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[16],

– ag féachaint do rún uaithi an Déardaoin 19 Bealtaine 2022 maidir le Tuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta[17],

---

[7] IO C 363, 28.10.2020, lch 45.
[8] IO C 395, 29.9.2021, lch. 2.
[9] IO C 415, 13.10.2021, lch. 36.
[10] IO C 67, 8.2.2022, lch 86.
[11] IO C 81, 18.2.2022, lch 27.
[12] IO C 99, 1.3.2022, lch. 146.
[13] IO C 205, 20.5.2022, lch 2.
[14] IO C 251, 30.6.2022, lch 48.
[15] IO C 347, 9.9.2022, lch 2.
[16] IO C 347, 9.9.2022, lch 168.
[17] IO C 479, 16.12.2022, lch 18.

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2022 maidir leis an smacht reachta agus formheas féideartha phlean téarnaimh náisiúnta na Polainne (RRF)[18],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena gcinntear, de bhun Airteagal 7(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go bhfuil riosca soiléir ann go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag an Ungáir ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe[19],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach in 2020 agus 2021[20],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an smacht reachta i Málta, cúig bliana tar éis fheallmharú Daphne Caruana Galizia[21],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2022 maidir le fuathchoireacht i gcoinne daoine LGBTIQ ar fud na hEorpa atá ag dul i méid i bhfianaise an dúnmharaithe homafóbaigh a tharla le déanaí sa tSlóvaic[22],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Samhain 2022 maidir le ceartas cinioch, neamh-idirdhealú agus frithchiníochas in AE[23],

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Samhain 2022 maidir leis an measúnú ar chomhlíonadh choinníollacha an smachta reachta ag an Ungáir faoin Rialachán maidir le Coinníollacht agus ar staid na himeartha maidir le RRP na hUngáire[24],

– ag féachaint do rún uaithi an 30 Márta 2023 maidir le Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – staid an smachta reachta san Aontas Eorpach[25],

– ag féachaint dá tuarascáil ó Choiste Fiosrúcháin PEGA agus do rún agus moltaí PEGA[26],

– ag féachaint do na tuarascálacha aiseolais, na tuarascálacha misin, na ceisteanna agus na freagraí i scríbhinn óna Ghrúpa Faireacháin um an Daonlathas, um an Smacht Reachta agus um Chearta Bunúsacha (DRFMG)[27],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

---

[18] IO C 493, 27.12.2022, lch 108.
[19] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0324.
[20] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0325.
[21] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0371.
[22] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0372.
[23] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0389.
[24] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0422.
[25] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0094.
[26] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0244.
[27] Maidir le gach gníomhaíocht faireacháin DRFMG, féach:https://www.europarl.europa.eu/committees/en/libe-democracy-rule-of-law-and-fundament/product-details/20190103CDT02662.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

Córais cheartais

1. á athdhearbhú gur cnámh droma an smachta reachta breithiúnacht neamhspleách, ós rud é gur réamhchoinníoll é sin le haghaidh leigheas éifeachtach nuair a dhéantar cearta agus saoirsí a choinneáil siar nó a shárú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil breithiúna neamhspleácha agus éifeachtacha ríthábhachtach chun dlí AE a chur chun feidhme, ós rud é go mbraitheann an Coimisiún ar na húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta chun dlí AE a fhorfheidhmiú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go ndéantar ‘bréagchuma na comhlíontachta’ den ‘toimhde comhlíontachta’ sin nuair a dhéanann an Coimisiún neamhaird d’easnaimh na n-údarás breithiúnach náisiúnta; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, cé go bhféadfadh roinnt córas breithiúnach a bheith láidir ar pháipéar, i gcásanna áirithe nach bhfuil siad díolmhaithe ó ghabháil stáit, trasnaíocht pholaitiúil ná finíochas; á chur in iúl gurb eol di go bhfuil sé deacair é sin a bhrath trí mheasúnú simplí a dhéanamh ar na struchtúir fhoirmiúla; ag tathant ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, anailís níos cáilíochtúla a dhéanamh, lena n-áirítear gnéithe comhthéacsúla;

2. ag tabhairt dá haire go n-aimsíonn an Coimisiún éagothromaíochtaí móra idir Ballstáit AE ó thaobh neamhspleáchas breithiúnach agus coimircí breithiúnacha de; ag tabhairt dá haire go luaitear sa tuarascáil roinnt tionscnamh dearfach agus forbairtí leanúnacha maidir le Comhairlí na mBreithiúna, go háirithe i Lucsamburg, san Ísiltír, sa Phortaingéil, san Iodáil, sa tSualainn, san Fhionlainn agus san Ungáir; á thabhairt chun suntais, áfach, go léirítear i measúnú neamhspleách nach féidir a mheas go bhfuil ach ceann amháin de na ceithre ‘oll-gharsprioc’ a bhaineann le neamhspleáchas na mbreithiúna san Ungáir curtha chun feidhme go hiomlán;[28] ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún nach mór aghaidh a thabhairt fós ar ábhair imní maidir leis na Comhairlí do na Breithiúna sa Pholainn, sa tSlóvaic, sa Bhulgáir, sa Spáinn agus sa Chipir; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhféadfar imeachtaí araíonachta a úsáid mar bhealach chun neamhspleáchas na mbreithiúna a laghdú, mar atá sa Pholainn agus sa Bhulgáir; ag tabhairt dá haire gur chuir an Coimisiún, ar deireadh, an Pholainn faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) i gcás sáruithe ar dhlí AE ag a Binse Bunreachtúil;

3. ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún de bhrí go bhfuil tionscnaimh déanta nó fógartha ag Ballstáit áirithe, lena n-áirítear an Fhionlainn, an Ostair, an tSlóivéin, an Chipir, an tSualainn agus an Ungáir, chun feabhas a chur ar phróisis ceapacháin bhreithiúnacha agus ar fheidhmiú ardchúirteanna, go bhfuil dúshláin fós ann maidir le breithiúna ardleibhéil a cheapadh i Málta, sa Ghréig, sa Liotuáin, sa Laitvia agus in Éirinn; á thabhairt chun suntais go bhfuil ábhair imní thromchúiseacha fós ann sa Pholainn maidir le breithiúna den Chúirt Uachtarach a ceapadh roimhe sin, lena n-áirítear a Chéad Uachtarán, agus maidir le neamhchur chun feidhme leanúnach réamhrialú CBAE maidir le ceapachán breithiúnach chuig an Dlísheomra um Rialú Urghnách; ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún go bhfuil imní ann fós sa

[28] Coiste Heilsincí na hUngáire, *Measúnú achomair nuashonraithe maidir le comhlíontacht na hUngáire leis na ceithre shár-gharsprioc atá dírithe ar neamhspleáchas na mbreithiúna a athbhunú*, an 9 Deireadh Fómhair 2023.

tSlóvaic i gcoir na mí-úsáide dlí a tugadh isteach do bhreithiúna maidir lena gcinntí breithiúnacha, ós rud é go bhfuil tionchar diúltach síceolaíoch aici ar bhreithiúna agus go bhfuil ualach trom ag baint leis do na húdaráis imscrúdaithe;

Éilliú

4. á athdhearbhú gur bagairt thromchúiseach ar an smacht reachta é an t-éilliú agus go mbaineann sé an bonn go mór ón muinín sa daonlathas agus sa chomhionannas os comhair an dlí; á iarraidh ar na Ballstáit i bhfad níos mó a dhéanamh chun an t-éilliú a dhíothú;

5. á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin go bhfuil straitéisí frith-éillithe i bhfeidhm ag na Ballstáit uile, go bhfuil éagsúlachtaí móra ann maidir le braistintí ar éilliú ar fud AE, agus go bhfuil an Danmhairg, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Ísiltír rangaithe i measc na dtíortha is lú éilliú, agus gur cúis imní iad na leibhéil éillithe a bhraitear sa Bhulgáir, i Málta, san Ungáir sa Ghréig agus sa tSlóivéin;[29] ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go measann an Coimisiún nach bhfuil cuntas teiste daingean fós le bunú ag roinnt Ballstát, amhail an Bhulgáir, Málta, an Ungáir, an Ghréig agus an tSlóivéin, maidir le cásanna ardleibhéil éillithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh as a n-eascraíonn ciontuithe deiridh a bhfuil éifeacht dhíspreagthach acu;

6. á chur i bhfios go láidir gur cheart do rialtas na mBallstát agus d'oifigigh AE sampla a thabhairt trí staonadh ó aon chleachtais éillitheacha agus nár cheart go mbeadh aon chur isteach rialtais ná polaitiúil in imscrúduithe éillithe; á chur i bhfios go bhféadfadh oifigigh AE a bheith rannpháirteach san éilliú freisin, mar a léiríodh le 'Qatargate', ag athdhearbhú, dá bhrí sin, a héilimh go gcumhdófaí institiúidí AE sa tuarascáil bhliantúil freisin;

7. ag cáineadh go leanann Málta dá scéim um Shaoránacht trí Infheistíocht (CBI) a fheidhmiú, ar riosca mór é don éilliú agus do choireanna eile, go háirithe i bhfianaise na gcéimeanna atá glactha ag roinnt Ballstát eile chun a áirithiú go gcuirfear deireadh le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí; ag athdhearbhú a seasaimh gur cheart don Choimisiún a shaincheart a úsáid chun reachtaíocht a mholadh agus toirmeasc reachtach AE a thionscnamh maidir le gach Scéim CBI in AE;

8. á mheas gur cheart ballraíocht in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bheith ina réamhchoinníoll chun cistí AE a fháil; ag athdhearbhú a hiarrata go leathnófaí sainordú OIPE;

9. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh údaráis náisiúnta, lena n-áirítear údaráis bhreithiúnacha agus phóilíneachta, a bheith rannpháirteach san éilliú, arb iad na húdaráis chéanna iad atá ceaptha chun é a chomhrac; á mheas go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag comhlachtaí AE, amhail Europol, maidir le héilliú a imscrúdú agus fianaise a fháil, ach gur bac é an ceanglas maidir le formheas náisiúnta ar rannpháirtíocht Europol; á iarraidh go neartófar sainordú Europol chun a chur ar a chumas imscrúdú a dhéanamh ar chásanna éillithe den chineál a thuairiscítear thuas;

[29] Transparency International, *Innéacs na Braistinte i dtaca le hÉilliú*, 31 Eanáir 2023.

Údaráis neamhspleácha

10. á thabhairt chun suntais nach féidir le srianta agus ceartúcháin feidhmiú ach amháin nuair atá ombudsmain, institiúidí náisiúnta um chearta an duine, oifigí iniúchóireachta, comhlachtaí comhionannais agus gach údarás neamhspleách eile in ann feidhmiú agus go bhfuil sainorduithe, neamhspleáchas agus cistiú leormhaith acu atá leathan go leor;

11. ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún go bhfuil an staid an-éagsúil i measc na mBallstát, agus roinnt forbairtí sa treo ceart sa Chipir, sa tSlóvaic, i Lucsamburg, sa Phortaingéil, sa tSlóivéin agus sa Pholainn, agus go bhfuil dúshláin fós ann sa Liotuáin, san Ungáir agus sa Chróit, gan aon institiúid náisiúnta um chearta an duine bunaithe ar chor ar bith san Iodáil, sa tSeicia, i Málta agus sa Rómáin, le moilleanna ar cheapacháin in údaráis neamhspleácha éagsúla sa Bhulgáir, sa Spáinn agus san Ostair, agus leis an bPolainn ag cur feidhmiú éifeachtach na hUasoifige Iniúchóireachta i mbaol; ag cur sonrú, agus é ina chúis mhór imní di, sna forbairtí a tharla le déanaí sa Ghréig, ina bhfuil údaráis neamhspleácha amhail an tÚdarás Heilléanach um Shlándáil agus Príobháideachas Cumarsáide (ADAE) agus Údarás na Gréige um Chosaint Sonraí faoi bhrú méadaitheach mar gheall ar a gcuid oibre maidir le húsáid neamhdhlisteanach earraí spiaireachta, agus ionadú déanta faoi dheifir le déanaí ar chomhaltaí Bhord ADAE ag Parlaimint na Gréige faoin gcinneadh atá le teacht ó ADAE fíneáil a fhorchur ar ghníomhaireacht faisnéise na Gréige;

Iolrachas na meán agus saoirse na meán

12. á thabhairt chun suntais nach féidir le hiolrachas na meán agus saoirse na meán, an saol daonlathach agus an smacht reachta teacht slán;

13. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá trédhearcacht úinéireacht na meán; ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún, ó thuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, gur glacadh reachtaíocht nua lena méadaítear trédhearcacht úinéireacht na meán nó lena bhfeabhsaítear infhaighteacht phoiblí faisnéise faoi úinéireacht na meán sa Ghréig, i Lucsamburg agus sa tSualainn agus gur neartaíodh an reachtaíocht sin sa Chipir, agus go bhfuil athrú sa Bhulgáir, sa tSeicia agus sa Fhrainc fós ar feitheamh; ag tabhairt dá haire freisin go measann an Coimisiún go bhfuil cosaint rialálaithe na meán faoi chosaint ag coimircí neamhleora i gcoinne tionchar polaitiúil míchuí agus go bhfuil easpa acmhainní ag na húdaráis, go háirithe san Ungáir, sa tSlóivéin, sa Pholainn, sa Ghréig agus sa Rómáin;

14. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá neamhspleáchas eagarthóireachta na meán seirbhíse poiblí agus dualgas na mBallstát uile é sin a urramú;

15. á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún cistiú leormhaith a chur ar fáil d'iriseoireacht neamhspleách ar ardchaighdeán ar fud na hEorpa ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil;

Cosaint iriseoirí

16. á mheabhrú gur gné ríthábhachtach den smacht reachta daonlathach í an iriseoireacht neamhspleách mar chuid de na seiceálacha agus ceartúcháin riachtanacha agus gur gné

den ghrinnscrúdú poiblí í; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na hiarrachtaí a rinne roinnt rialtas d'aon ghnó iriseoirí atá ag nochtadh éagóiritheoireachta a chur ina dtost;

17. á chur in iúl gur oth léi na treochtaí ar cúis imní iad i sábháilteacht iriseoirí i roinnt Ballstát; ag tabhairt dá haire gur chláraigh Ardán Chomhairle na hEorpa chun cosaint na hiriseoireachta agus sábháilteacht iriseoirí a chur chun cinn níos mó ná 1600 foláireamh maidir le bagairtí ó 2015 i leith; á chur in iúl gur oth léi an t-imeaglú a rinneadh ar iriseoir le linn feachtais toghcháin, amhail a tharla le déanaí sa toghchán sa tSlóvaic;

18. á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin na n-ábhar imní a chuir eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla in iúl, nach leor forálacha frith-SLAPP atá beartaithe ag Málta chun obair iriseoirí a chosaint[30]; á iarraidh ar rialtas na Gréige aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thromchúiseacha a sainaithníodh le Mearfhreagairt Shaoirse na Meán (MFRR), comhaontas a rianaíonn, a dhéanann faireachán agus freagairt ar sháruithe ar shaoirse an phreasa agus na meán, go háirithe maidir le faireachas treallach, saoirse ó phionós nó coireanna i gcoinne iriseoirí, cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí (SLAPPanna), neamhspleáchas na meán agus iolrachas[31]; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, gur choinnigh údaráis na Fraince tuairisceoir le déanaí, de réir dealraimh chun a cuid foinsí a nochtadh, chomh maith le cúléisteacht neamhdhleathach ar iriseoir Ollannach atá ag obair do 'De Correspondent';

19. á iarraidh ar institiúidí AE teacht ar chomhaontú go pras maidir le treoir uaillmhianach frith-SLAPP; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí tuilleadh reachtaíochta a bheith ann chun gach cás SLAPP a chumhdach;

20. ag cáineadh go láidir an easpa imscrúdaithe thromchúisigh ar dhúnmharú Giorgos Karaivaz; ag tabhairt dá haire gur gabhadh an bheirt mharfóirí líomhnaithe níos mó ná dhá bhliain tar éis an dúnmharaithe ar bhonn fianaise a dhealraíonn a bheith ar fáil do na póilíní an t-am ar fad; á mheas nár sainaithníodh fós an príomhúdar an dúnmharaithe; ag tabhairt dá haire go raibh Karaivaz – amhail Daphne Caruana Galizia agus Ján Kuciak – ag imscrúdú an éillithe agus na coireachta, agus go bhféadfadh sé go ndearna siad naimhde in áiteanna arda, lena n-áirítear i gciorcail pholaitiúla; á chur i bhfios nár triaileadh fós an príomhúdar amhrasta i leith dhúnmharú Daphne Caruana Galizia, agus nár thug na húdaráis aghaidh go leormhaith ar na cásanna éillithe agus coireachta uile a bhí á n-imscrúdú aici;

21. ag cáineadh an fhaireachais neamhdhleathaigh a dhéantar ar iriseoirí, go háirithe trí earraí spiaireachta; á chur in iúl gur oth léi gur dhiúltaigh an Coimisiún moltaí uile Choiste Fiosrúcháin Speisialta Pegasus a chur chun feidhme agus á mheas gur mainneachtain é; á chur i bhfios nár freastalaíodh ar an gceartas in aon cheann de na céadta cásanna de mhí-úsáid earraí spiaireachta i gcoinne iriseoirí, gníomhaithe, polaiteoirí, dlíodóirí agus spriocanna polaitiúla eile; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, dá bhrí sin, murab ionann agus toimhde an Choimisiúin, nach bhfuil go leor

[30] Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, *Litir chuig Spéicéir Theach Mhálta*, 26 Meán Fómhair 2023.

[31] Institiúid Idirnáisiúnta an Phreasa, *Murdered, surveilled and sued*: *decisive action needed to protect journalists and salvage press freedom in Greece* [feallmharaithe, faireachas déanta orthu agus agairt déanta ina leith: gníomhaíocht chinntitheach a bhfuil gá léi chun iriseoirí a chosaint agus saoirse an phreasa a tharrtháil sa Ghréig, an 27 Meán Fómhair 2023.

údaráis náisiúnta toilteanach ná in ann aghaidh a thabhairt ar an gceist, rud a fhágann nach bhfuil na híospartaigh gan leigheas éifeachtach ná faoi chosaint an daonlathais; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an éifeacht athchomhairleach a bheadh ag mí-úsáid spiaireachta ar iriseoirí agus ar a bhfoinsí saor ó phionós;

22. á chur i bhfáth go bhfuil an tionchar a bhíonn ag úsáid neamhdhlisteanach earraí spiaireachta i bhfad níos suntasaí sna Ballstáit, ina ndéantar na húdaráis a mbeadh sé de chúram orthu de ghnáth imscrúdú a dhéanamh, sásamh a sholáthar do dhaoine a ndearnadh spriocdhíriú orthu agus cuntasacht a áirithiú, a ghabháil ag an stát agus i gcás ina bhfuil géarchéim smachta reachta ann agus ina bhfuil neamhspleáchas na breithiúnachta i mbaol, nach féidir brath ar na húdaráis náisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, faireachán agus moltaí tiomnaithe tír-shonracha a chur i bhfeidhm a bhaineann le húsáid neamhdhleathach earraí spiaireachta ag na Ballstáit sa tuarascáil ar an smacht reachta, ina ndéanfar measúnú ar fhreagrúlacht na n-institiúidí stáit sásamh a chur ar fáil do dhaoine spriocdhírithe;

Trédhearcacht agus rochtain ar fhaisnéis

23. á chur in iúl gur oth léi na deacrachtaí leanúnacha atá ag go leor saoránach, iriseoirí agus parlaiminteoirí i roinnt mhaith Ballstát maidir le faisnéis agus rochtain ar dhoiciméid a fháil; á chur i bhfios go láidir gur rómhinic a chuireann údaráis phoiblí bac ar rochtain ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid d'aon ghnó, amhail trí mhoill dhíréireach a chur ar chinntí nó gan ach rochtain shaorga a thabhairt trí gan ach faisnéis a chur ar fáil go páirteach;

Spás na Sochaí Sibhialta

24. ag aithint an róil ríthábhachtaigh atá ag an tsochaí shibhialta agus ag spás sibhialta sláintiúil maidir leis an smacht reachta a chaomhnú agus a chosaint, agus á iarraidh an athuair go mbeadh caibidil ar leith dírithe ar riocht na sochaí sibhialta sna Ballstáit; ag tabhairt dá haire gur chinn an Coimisiún gur fhógair nó gur thionscain Málta, Éire, an Bhulgáir, an Liotuáin agus an Ghearmáin iarrachtaí chun feabhas a chur ar an gcreat don tsochaí shibhialta, agus gur chinn sé go bhfuil dúshláin ar leith os comhair na sochaí sibhialta sa Chipir, sa Ghréig, sa Spáinn, san Iodáil agus sa Fhrainc, agus srianta tromchúiseacha córasacha leanúnacha san Ungáir agus sa Pholainn; á iarraidh ar na Ballstáit uile glacadh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) mar gheallsealbhóirí tábhachtacha sa saol daonlathach agus timpeallacht chumasúcháin a chruthú don tsochaí shibhialta;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh infheistíochta a dhéanamh, trí chistiú tiomnaithe, chun acmhainneacht a fhorbairt do ESSanna chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar staid an smachta reachta sna Ballstáit, agus cosaint leormhaith a áirithiú do ESSanna atá ag gabháil don phróiseas sin;

Cosaint mionlach

26. ag tabhairt dá haire gur minic a bhíonn cúlú maidir leis an daonlathas agus an smacht reachta agus an bonn a bheith á bhaint ó chearta mionlaigh fite fuaite ina chéile, agus

béim á leagan arís ar an ngá atá le cur chuige cuimsitheach chun faireachán a dhéanamh ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha sna tuarascálacha a bheidh ann amach anseo; á chur in iúl gur oth léi an easpa dul chun cinn maidir le mionlaigh a chosaint ar fud AE; ag cáineadh na fuathchainte, lena n-áirítear fuathchaint ó rialtais nó oifigigh pholaitiúla, i gcoinne grúpaí mionlaigh;

27. á iarraidh ar Bhallstáit AE fíorthosaíocht thrasearnálach a dhéanamh de chosaint chearta LGBTIQ+ i ngach réimse beartais; á iarraidh ar an gCoimisiún gach modh atá ar fáil a úsáid chun a áirithiú go n-urramófar cearta LGBTIQ ar fud AE, lena n-áirítear úsáid a bhaint as nósanna imeachta um shárú i gcoinne na mBallstát; á iarraidh ar na Ballstáit 12 mholadh Choiste Stiúrtha Chomhairle na hEorpa um Fhrith-Idirdhealú, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur i gcuntas chun coireanna fuatha in aghaidh daoine LGBTIQ+ a chomhrac mar aon le moltaí an Choimisiúin Eorpaigh i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe[32]; ag cur sonrú i ndréachtdlí na Rómáine le déanaí, arb é is aidhm dó rialú *Coman* 2018 CBAE a chomhlíonadh[33], chomh maith leis an gcáineadh nach gcuirtear an rialú sin chun feidhme leis an dréachtdlí ach go han-chúng agus nach ráthaítear leis cearta comhionanna do lánúineacha comhghnéis[34];

28. á athdhearbhú gur cearta an duine iad cearta na mban agus nach féidir le haon rud údar a thabhairt le cúlchéimniú i gcearta agus neamhspleáchas na mban; ag cáineadh go háirithe an ionsaí ar shláinte ghnéis agus atáirgthe na mban agus na gcailíní agus na cearta a bhaineann léi a dhéantar i roinnt Ballstát; á chreidiúint gur cheart an ceart chun ginmhillte shábháilte agus dhlíthiúil a dhaingniú sa Chairt um Chearta Bunúsacha;

29. á iarraidh ar an gCoimisiún go n-áireofaí colún sonrach nua maidir le mionlaigh a chosaint sa chéad tuarascáil eile, ina ndéanfar gach cineál seineafóibe, ciníochais, frithsheimíteachais, islamafóibe, frithghiofógachais agus fóibe LGBTIQ a mhapáil ar fud na mBallstát uile;

30. á chur in iúl gur cúis díomá di an mhoill atá ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh dlíthe um chearta bunúsacha agus cásdlí a bheith á dhéanamh ag na Ballstáit; ag diúltú do léirmhíniú an Choimisiúin go measfar gur ‘cásanna aonair’ iad diúltú na n-údarás náisiúnta rialuithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECHR) a chomhlíonadh i gcásanna um chearta bunúsacha agus nach dtabharfar aghaidh orthu le nósanna imeachta um shárú; ag tathant ar an gCoimisiún, mar chaomhnóir na gConarthaí, a fhreagracht a chomhlíonadh maidir le dlí AE um chearta an duine a fhorfheidhmiú, agus gan brath ar ‘fhorfheidhmiú príobháideach’;

Conclúidí trasearnálacha maidir le staid an daonlathais, an smacht reachta agus cearta

[32] Comhairle na hEorpa, an Coiste Stiúrtha um Fhrith-Idirdhealú, Éagsúlacht agus Cuimsiú, Thematic review of the implementation of RecommendationCM/Rec(2010)5, [Athbhreithniú téamach ar chur chun feidhme Mholadh CM/Rec(2010)5], an 14 Meán Fómhair 2023;Comhairle na hEorpa, an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe, ECRI General Policy Recommendation No. 17 on preventing and combating intolerance and discrimination against LGBTI persons Moladh Beartais Ghinearálta Uimh. 17 ó ECRI maidir le héadulaingt agus idirdhealú i gcoinne daoine LGBTI a chosc agus a chomhrac], an 28 Meán Fómhair 2023.
[33] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 5 Meitheamh 2018, Tarchur le haghaidh réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Curtea Constitu ofională (An Chúirt Bhunreachtúil, an Rómáin), ECLI:EU:C:2018:385.
[34] Euractiv,*Romanian LGBTQ+ community wants equal rights, not special conditions*, [is mian le pobal LGBTQ+ na Rómáine cearta comhionanna, ní coinníollacha speisialta], an 22 Meán Fómhair 2023.

bunúsacha ar fud an Aontais

31. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di, i bhfianaise an mhéid thuas, go bhfuil an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha ar fud AE á gcreimeadh; á thabhairt chun suntais, maidir leis an staid mar atá sa tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an smacht reachta, go léirítear go leor forbairtí arb ábhar imní iad, go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil níos mó imní fós ag baint leis agus tuarascálacha agus foinsí neamhspleácha eile á gcur i gcuntas; á chur i bhfios go láidir, fiú má tá roinnt Ballstát eiseamláireach maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn, in Aontas Eorpach idirspleách, oscailte, go gcuireann creimeadh na luachanna sin i mBallstáit eile institiúidí AE i mbaol agus go mbaineann sé an bonn uathu agus ón staid in AE ina iomláine;

Dlíthe an Aontais a fhorfheidhmiú

32. ag tabhairt dá haire gurb é forfheidhmiú cuí dhlí uile AE an réamhchoinníoll d'aontas atá bunaithe ar an smacht reachta; ag cáineadh neamhchomhlíonadh dhlí AE go hoscailte agus gan náire i réimsí éagsúla, amhail tearmann, cur chun feidhme smachtbhannaí, agus dlí um chearta an duine; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an baol ann go mbeidh AE ina limistéar gan dlí, áit a mbraitheann roinnt Ballstát níos cothroime ná Ballstáit eile agus nach ndéantar cearta agus saoirsí shaoránaigh AE a chosaint go cothrom;

33. á mheabhrú don Choimisiún gurb é caomhnóir na gConarthaí ar an gcéad dul síos é; á chur i bhfios go láidir nach leor tuarascáil a eisiúint chun ár n-aontas a threisiú bunaithe ar an smacht reachta ach gur cheart gníomhaíocht nithiúil forfheidhmithe a bheith mar thoradh ar an tuarascáil, go háirithe i gcás nach gcomhlíontar na moltaí go hiomlán;

34. á chur in iúl gur oth léi go mór nach bhfuil gníomhaíocht níos láidre á déanamh ag an gCoimisiún chun dlí AE a fhorfheidhmiú; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, dlús a chur le líon na nósanna imeachta nua um shárú agus na nósanna imeachta um shárú atá ann cheana a bhrú ar aghaidh ar bhealach níos dána agus níos práinní; á iarraidh ar an gCoimisiún gan 'idirphlé' leis na Ballstáit ná an nós imeachta 'píolótach' a úsáid mar mhodh neamhiata chun seoladh nósanna imeachta iarbhír um shárú a sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartas – nach bhfuil aon bhunús aige sna Conarthaí – gan imeachtaí um shárú a úsáid i gcásanna 'aonair', ós rud é go bhfuil an beartas sin ina chúis le díothacht thromchúiseach ceart do shaoránaigh ar fud AE, go háirithe i gcás ina bhfuil a rialtais féin ag diúltú dlí AE nó breithiúnais CBAE a chomhlíonadh, ós rud é nach cásanna aonair iad formhór na gcásanna sin ach go dtugann siad aghaidh ar shaincheisteanna straitéiseacha agus bunúsacha;

35. ag cur sonrú san fhadhb leanúnach a bhaineann le cur chun feidhme neamhiomlán bhreithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR), ag cur sonrú sna cinntí le déanaí a rinne Coiste Airí[1] Chomhairle á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear na táscairí córasacha maidir le cur chun feidhme phríomhbhreithiúnais ECtHR atá sa tuarascáil ar an smacht reachta ó foilsíodh a eagrán ó 2022; á iarraidh ar an gCoimisiún, áfach, scórchlár a chur ar bun a bheidh tiomnaithe d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme gach uile bhreithiúnas CBAE agus ECHR a bhaineann leis an daonlathas, leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha, agus é a chomhtháthú go hiomlán sa

tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta; á iarraidh ar na Ballstáit breithiúnais atá ar feitheamh a chur chun feidhme gan mhoill, agus á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí maidir le comhlíonadh dhlí AE agus caingean um shárú a dhéanamh i gcás inar gá;

An tuarascáil ar an smacht reachta mar uirlis

36. á aithint go bhfuil an tuarascáil ar an smacht reachta ina tagarmharc anois d'obair institiúidí an Aontais ar shaincheisteanna maidir leis an smacht reachta san Aontas agus i mBallstáit shonracha;

37. á aithint go bhfuil an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an smacht reachta tar éis éirí níos cuimsithí ó bunaíodh í in 2020; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nár leathnaíodh go suntasach eagrán 2023 den tuarascáil trí cholún cuimsitheach nua a chur leis; ag athdhearbhú a seasaimh gur cheart raon feidhme iomlán luachanna Airteagal 2 CAE a chumhdach sa tuarascáil, toisc nach féidir iad sin a mheas ina n-aonar; á iarraidh ar an gCoimisiún raon feidhme na tuarascála a leathnú an bhliain seo chugainn;

38. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go mbíonn an Coimisiún, ina iarracht a bheith fíorasach agus cothrom, rócháiréiseach agus neamhbheacht uaireanta agus fadhbanna smachta reachta á sainaithint aige sna Ballstáit; á chur in iúl gur oth léi go gceiltear na fíordhifríochtaí idir na Ballstáit trí úsáid a bhaint as sofhriotal agus as líon atá comhionann go saorga de chonclúidí agus de mholtaí in aghaidh an Bhallstáit; á chreidiúint gur cheart go mbeadh an measúnú ar chomhlíonadh na moltaí níos beaichte agus níos cáilíochtúla, ní hamháin ag brath ar athruithe reachtacha ach freisin ar fhianaise réadach agus neamhspleách ar a gcur chun feidhme iarbhír; ag tabhairt dá haire go bhfuil difríochtaí loma ann uaireanta idir na hachoimrí ar chaibidlí tíre agus inneachar domhain na gcaibidlí féin, lena moltar idirghabháil eagarthóireachta;

39. á athdhearbhú go bhféadfaí go leor de na dúshláin sin a shárú trí phainéal neamhspleách saineolaithe a bheith rannpháirteach i ndréachtú na tuarascála, ós rud é nach mbeidís faoi cheangal níos lú ag breithnithe taidhleoireachta; á iarraidh ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar a sheasamh maidir leis an bpointe sin agus féachaint ar na féidearthachtaí uile chun saineolaithe neamhspleácha a rannpháirtiú in eagráin den tuarascáil maidir leis an smacht reachta ina dhiaidh sin;

40. á dhearbhú nach críoch inti féin í an tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta, ós rud é nach leor faireachán a dhéanamh ar an staid ach gur cheart gníomhaíocht shonrach forfheidhmithe a bheith mar thoradh uirthi maidir leis na heasnaimh a sainaithníodh;

Comhar idirinstitiúideach agus nósanna imeachta maidir leis an smacht reachta

41. ag cur sonrú sa mheastóireacht leanúnach atá á déanamh ag an gComhairle ar a hidirphlé maidir leis an smacht reachta agus an seasamh dearbhaithe ón gComhairle go ndéanfaidh sí tuilleadh machnaimh ar chomhar idirinstitiúideach a d'fhéadfadh a bheith ann sa chomhthéacs sin; á iarraidh ar an gComhairle a hidirphlé maidir leis an smacht reachta a dhéanamh níos cuimsithí, trí chuireadh a thabhairt d'institiúidí agus geallsealbhóirí eile chuig a seisiúin, go háirithe comhlachtaí Chomhairle na hEorpa amhail Coimisiún na Veinéise, chomh maith le hionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa;

42. á chur in iúl gur oth léi gur dhiúltaigh an Coimisiún agus an Chomhairle go dtí seo do thairiscint na Parlaiminte comhaontú idirinstitiúideach a dhéanamh maidir leis an smacht reachta; á athdhearbhú go bhfuil sí toilteanach tús a chur arís leis na cainteanna maidir leis an gcomhaontú sin;

43. á iarraidh ar na hinstitiúidí eile, idir an dá linn, tuilleadh comhair ar a laghad a fhiosrú i gcomhthéacs an treoirthionscadail idirinstitiúidigh atá beartaithe maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha, rud a chabhródh le muinín a chothú idir na hinstitiúidí ar bhealach praiticiúil, go háirithe trí chleachtais faireacháin, idirphlé agus cruinnithe a chomhroinnt;

44. ag cáineadh an easpa dul chun cinn iomlán i nósanna imeachta Airteagal 7(1) CAE atá ar siúl faoi láthair; ag tathant ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar na forbairtí nua uile a dhéanann difear don smacht reachta, don daonlathas agus do chearta bunúsacha; á iarraidh arís ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar mholtaí faoi chuimsiú an nós imeachta sin, agus á chur i bhfios go láidir gurbh ionann aon mhoill bhreise ar ghníomhaíocht den sórt sin agus sárú ar phrionsabal an smachta reachta ag an gComhairle féin; á áitiú go n-urramófar ról agus inniúlachtaí na Parlaiminte;

45. á iarraidh ar an gCoimisiún coinníollacha DRF a áireamh, dianfhaireachán a dhéanamh orthu agus iad a choimirciú sna hionstraimí agus sna próisis bhuiséadacha uile; á iarraidh ar an gCoimisiún ina leith sin gan aon chistí comhtháthaithe a dhíbhlocáil don Ungáir mura rud é go bhfuil na coinníollacha cumasúcháin uile comhlíonta go hiomlán agus gur féidir a mheas go bhfuil na breithiúna sa Bhallstát sin go hiomlán neamhspleách ar pháipéar agus i gcleachtas; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta a chur i bhfeidhm tuilleadh agus gan mhoill i gcás inar gá, agus gan deireadh a chur leis na bearta a glacadh i gcás na hUngáire go dtí go mbeidh na garspriocanna uile comhlíonta go héifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún a fhíorú go dian go gcomhlíontar garspriocanna a bhaineann leis an smacht reachta i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta éagsúla na mBallstát mar choinníoll chun cistiú a eisíoc nuair a dhéanann na Ballstáit iarrataí ar íocaíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún an phríomhfhreagracht as cur i bhfeidhm na gcoinníollacha sin a shannadh do na Coimisinéirí atá freagrach as an smacht reachta;

°

° °

46. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.